



## **Office of An Coimisinéir Teanga**

Report under subsection 26(5) of the Official Languages Act  
2003

to the Houses of the Oireachtas

on

the implementation of the recommendations of an investigation  
conducted under subsection 21(c) of the Official Languages Act 2003

Iarnród Éireann

**December 2013**

## **CONTENTS**

- CHAPTER 1** – Background
- CHAPTER 2** – Summary of the Investigation
- CHAPTER 3** – The Investigative Process
- CHAPTER 4** – The Next Step
  
- APPENDIX A** – Investigative Report
  
- APPENDIX B** – Correspondence from Iarnród Éireann regarding implementation of recommendations made in the investigative report
  
- APPENDIX C** – Additional correspondence from Iarnród Éireann regarding implementation of recommendations made in the investigative report

## **CHAPTER 1 – Background**

In accordance with subsection 26(5) of the Official Languages Act 2003, I am permitted, as Coimisinéir Teanga, to lay a report before both Houses of the Oireachtas if I am of the opinion that a public body did not implement any part of the recommendations contained in a report on an investigation I had undertaken.

This report concerns an investigation relating to Iarnród Éireann which my Office completed during 2010. The investigation arose from a complaint made by a member of the public to my Office concerning various signs erected by Iarnród Éireann in its train station and car park in Ennis and other traffic signs erected in the locality. The report on the investigation is provided as **APPENDIX A** to this report.

After a reasonable period of time has passed and having completed the appropriate enquiries, I have reached the conclusion that Iarnród Éireann has failed to implement certain recommendations made in the investigative report.

As Coimisinéir Teanga, I am charged with taking all necessary measures under the powers granted to me to ensure that public bodies comply with the provisions of the Official Languages Act 2003. I also have the authority to conduct an investigation to determine if a public body has complied with the provisions of any other enactment relating to the status or use of an official language.

In any case where an investigative report is issued, it is emphasised that any party to the investigation, or any other person affected by the findings and recommendations of the investigation, may appeal the matter to the High Court on a point of law. No such appeal was made in respect of either of the investigations which are the subject of this report.

After a reasonable period of time has passed, it is common practice for my Office to review the manner in which public bodies have implemented the recommendations which arose from any investigation. Throughout this process, an opportunity is granted to the public body to give an account of the manner in which the recommendations were implemented.

During 2011 and 2012, my Office reviewed the manner in which Iarnród Éireann was implementing the recommendations made in the investigative report. Although Iarnród Éireann had, over a period of time, implemented the majority of the recommendations that I had made, they confirmed to me that they did not intend to implement a recommendation relating to the use of official languages on electronic signage at this point. This decision could result in electronic signs, used by the company in stations throughout the country, being displayed in English only. It is on that basis that this report is being placed before both Houses of the Oireachtas.

## **CHAPTER 2 – Summary of the Investigation**

This investigation arose from a series of complaints made by a member of the public to my Office alleging that various Iarnród Éireann signs were not in compliance with the language requirements in signage legislation. The complaints concerned the signage at a train station, in a car park and at a new level crossing on the Western route between Galway and Ennis.

In the case of this signage, 3 different sections dealing with statutory language obligations were involved i.e. orders under subsection 95(16) of the Road Traffic Act 1961 (as specified in subsection 6.1.2 of the *Traffic Signs Manual*), subsection 57(1) of the Transport Act 1950 and regulations made in S.I. 391 of 2008 under subsection 9(1) of the Official Languages Act 2003.

With regard to warning signs at level crossings, it is specified in the *Traffic Signs Manual* that the text should be bilingual and an example of the correct text is given.

Subsection 57(1) of the Transport Act 1950 is as follows:

*“All permanent public notices and signs (including the names of stations) maintained by the Board shall be in the Irish language but may be in both the Irish and English languages.”*

Subsection 9(1) of the Official Languages Act 2003 is as follows:

*“The Minister may by regulations provide that oral announcements (whether live or recorded) made by a public body, the headings of stationery used by a public body and the contents and the lay-out of any signage or advertisements placed by it shall, to such extent as may be specified, be in the Irish language or in the English and Irish languages and different provisions may be made in relation to different classes of body, oral announcements, stationery, signage or advertisements.”*

In S.I. 391 of 2008, Regulations were made in relation to the use of the Irish language on signage erected by public bodies, effective from 1 March 2009.

It is evident from these statutory provisions that Iarnród Éireann was specifically required to ensure that both official languages be used for those signs which were the subject of the investigation.

Based on the case put forward by Iarnród Éireann, I considered it likely that these problems with the signage had arisen because of changes that had taken place over the years and because of misunderstandings in relation to the legislation.

In the recommendations made in the investigative report, I wanted to ensure that Iarnród Éireann would comply with statutory language requirements when signs were erected. I also requested that Iarnród Éireann amend those signs that were

the subject of the investigation within three months from the date of the report. As certain electronic signage was dependant on the development of software for the Customer Information System, I recommended the continuation of that development and that my Office be kept informed as to its progress.

### **CHAPTER 3 – The Audit Process**

Once a reasonable period of time has passed from the date on which an investigative report has been issued, my Office examines the manner in which the public body has implemented the recommendations made by the investigation. During this process, the public body is afforded the opportunity to provide an official response as regards the steps it has taken to date to implement the investigation's recommendations.

There was continuous communication between my Office and Iarnród Éireann over a period of months in relation to the signage that was the subject of the investigation. During that period, Iarnród Éireann promised to comply with the recommendations made in the investigative report insofar as they related to the signage in the train station, in the car park and at the level crossing. However, we were informed that significant costs could attach to the development of new software that would enable the Customer Information System to display text on electronic signs in both official languages. After various correspondence and meetings on the subject, my Office agreed to an approach that would entail a scoping analysis of the work involved in developing the new software and that subsequently a timetable would be agreed for providing the relevant signs in both official languages. This approach was in line with the recommendation made in the investigative report.

Although Iarnród Éireann did not adhere to the timetable set out for amending the temporary and permanent signs that were the subject of the investigation, I was satisfied that the relevant recommendations were implemented.

Accordingly, the only recommendation made in the investigation yet to be implemented related to the use of Irish and English on electronic signs that provide information to the public.

My Office wrote to Iarnród Éireann in October 2012 requesting information as to the current status of the project. In response to that letter, Iarnród Éireann informed us that there were substantial costs associated with the project and in light of the financial crisis facing the organisation they did not plan to proceed with the project at this stage. A copy of that correspondence is available as **Appendix B**. My Office sought further clarification from Iarnród Éireann regarding any scoping exercise or financial analysis made by the organisation that would support their position. In a response provided in March 2013 and made available as **Appendix C** to this report, Iarnród Éireann stated that there was an estimated cost of €1 associated with making electronic signage fully bilingual. In light of the financial crisis faced by the organisation, Iarnród Éireann reiterated that it did not intend to proceed with the project.

Although it would appear that a significant investment may be required to amend Iarnród Éireann's electronic signage, the statutory responsibility that the organisation has in relation to signage, including electronic signage, which is currently in English only being made available in Irish or bilingually from 1

March 2013 must also be acknowledged. This requirement arises from the Regulations (S.I. 391 of 2008) made under Section 9(1) of the Official Languages Act 2003. Under the terms of the Regulations, Iarnród Éireann had four years to make the necessary investment to ensure compliance with the statutory responsibility placed on the organisation. As it currently stands almost all of the organisation's electronic signs are in English only.

I'm satisfied from the audit conducted by my Office that the recommendation that I had made in relation to the use of official languages on electronic signs has not been implemented by Iarnród Éireann and that as a result the messages displayed on almost all of the organisation's electronic signs in train stations throughout the country are in English only. This is clearly in contravention of the legislation and it is my duty to report this to the Houses of the Oireachtas.

## **CHAPTER 4 – The Next Step**

As Coimisinéir Teanga, it is my responsibility to take all necessary measures within my sphere of authority to ensure that public bodies comply with the provisions of the Official Languages Act. This is achieved by monitoring public bodies, providing advice to the public regarding their rights under the Act, and providing advice to public bodies regarding their obligations under the Act.

When it appears to me that public bodies may be neglecting their obligations under the Official Languages Act or under other enactments relating to the status or use of Irish, I have the authority to initiate an investigation on the matter.

The report issued by me at the conclusion of an investigation contains both findings and recommendations. The public body in question is obliged to implement those recommendations within a reasonable period of time, or within a specific period of time as may be set out in the recommendations. Any party to an investigation under the Act or any other person affected by my findings and recommendations following such an investigation has the right to make an appeal to the High Court on a point of law.

No such appeal was undertaken in the case of the investigation that is the subject of this report. Once a reasonable period of time had passed from the issuing of the investigative report, my Office examined the measures undertaken by Iarnród Éireann to implement the various recommendations. During this process, the public body was afforded the opportunity to respond in respect of the implementation of those recommendations. A copy of those responses is attached as appendices to this report.

After reviewing the case in its entirety, I believe that an important recommendation relating to the use of official languages on electronic signs has not been appropriately implemented by Iarnród Éireann and I cannot, under the powers granted to me, undertake any additional measures to impress upon them to do so.

It is on that basis that I lay this report before both Houses of the Oireachtas.

It falls to the Houses of the Oireachtas to take such additional measures they deem appropriate.



# **APPENDIX A**

# **Tuarascáil faoi alt 26 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ar**

**Imscrúdú faoi fho-ailt 21(c) & 21(f) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**Iarnród Éireann**

**IM-144C**

## **Ábhar an Imscrúdaithe**

Ar sháraigh Iarnród Éireann na dualgais reachtúla teanga atá daingnithe faoi fho-alt 95(16) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 (mar atá sonraithe i bhfo-alt 6.1.2 den Lámhleabhar do Chomharthaí Tráichta), faoi fho-alt 57(1) den Acht Iompair 1950 agus faoi fho-alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i gcás comharthaíocht éagsúil a cuireadh in airde in Inis i gCo. an Chláir.

## **CLÁR**

<b>CAIBIDIL 1 – Cúlra</b>	<b>lch 3</b>
<b>CAIBIDIL 2 – Cás Iarnróid Éireann</b>	<b>lch 5</b>
<b>CAIBIDIL 3 – Osradharc Ginearálta ar an Imscrúdú</b>	<b>lch 6</b>
<b>CAIBIDIL 4 – Tuarascáil, Fionnachtana agus Moltaí</b>	<b>lch 7</b>
<b>CAIBIDIL 5 – Achomhairc chuig an Ard-Chúirt</b>	<b>lch 9</b>
<b>CAIBIDIL 6 – Tuairimí á Lorg</b>	<b>lch 10</b>
<b>AGUISÍN A</b>	
<b>AGUISÍN B</b>	

## CAIBIDIL 1

### Cúlra

Rinneadh sraith gearán le m’Oifig idir mí na Samhna 2009 agus mí Aibreáin 2010 maidir le comharthaí éagsúla de chuid Iarnróid Éireann a líomhnaíodh nach raibh ag teacht leis na riachtanais teanga faoin reachtaíocht a bhaineann le comharthaíocht. Tá liosta de na gearáin agus cóip de na comharthaí cuí mar AGUISÍN A leis an tuarascáil seo.

Go bunúsach, theastaigh uaim de thoradh an imscrúdaithe seo a bheith ábalta cinneadh a dhéanamh ar sháraigh Iarnród Éireann na dualgais teanga atá daingnithe faoin reachtaíocht éagsúil a bhaineann leis an ábhar seo.

Tá 3 mhír éagsúil a bhaineann le dualgais reachtúla teanga i gceist i gcás na gcomharthaí atá faoi chaibidil anseo i.e. ordúcháin faoi fho-alt 95(16) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 (mar atá sonraithe i bhfo-alt 6.1.2 den Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta), fo-alt 57(1) den Acht Iompair 1950 agus rialacháin atá déanta in I.R. 391 de 2008 faoi fho-alt 9(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Seo a leanas mar atá an dualgas reachtúil teanga faoi fho-alt 95(16) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 mar atá sonraithe i bhfo-alt 6.1.2 den Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta maidir le comharthaí rabhaidh ag crosairí comhréidh:

*“Text should be bilingual.”*

Tá sampla tugtha sa Lámhleabhar do Chomharthaí Téacs den téacs cuí agus tá cóip den téacs faoi iamh (féach 2C & 2D).

Seo a leanas mar atá fo-alt 57(1) den Acht Iompair 1950:

*“Ní foláir na buan-fhógraí agus na buan-chomharthaí poiblí uile (lena n-áirítear ainmneacha stáisiún) a bheas á gcothabháil ag an mBord a bheith i nGaeilge ach is cead iad a bheith i nGaeilge agus i mBéarla.”*

Seo a leanas mar atá fo-alt 9(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003:

*“Féadfaidh an tAire, le rialacháin, a fhoráil gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a mhéid a bheidh sonraithe, a bheidh fógairtí taifeadta béil (cibé acu beo nó taifeadta) arna ndéanamh ag comhlacht poiblí, ceanteidil stáiseanóireachta a úsáideann comhlacht poiblí agus ábhar agus leagan amach aon chomharthaí nó fógrán dá chuid agus féadfar forálacha éagsúla a dhéanamh i ndáil le haicmí éagsúla comhlachta, fógairtí béil, stáiseanóireachta, comharthaí nó fógrán.”*

Tá Rialacháin den chineál seo déanta in I.R. 391 de 2008, a leagan dualgais teanga áirithe i leith comharthaíochta ar chomhlachtaí poiblí le héifeacht ón 1 Márta 2009.

Rinne m’Oifig gach iarracht na cásanna seo a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil le hIarnród Éireann thar thréimhse ceithre mhí, idir litreacha, glaonna gutháin agus cruinnithe, ach níor éirigh leis na hiarrachtaí sin.

Sa chás is go dtagann sé chun solais go bhféadfadh sé nach raibh nó nach bhfuil foráil áirithe de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla á comhlíonadh ag comhlacht poiblí, tá údarás agus cumhachtaí tugtha dom faoi ailt 21-29 den Acht sin le himscrúdú a dhéanamh ar an gcás. Bheartaigh mé tabhairt faoi imscrúdú sa chás ar an 14 Aibreán 2010 de bharr na ndualgas atá orm faoi fho-ailt 21(a) agus 21(b) den Acht agus mar a cheadaítear dom faoi fho-ailt 21(c) agus 21(f) den Acht de bharr ghearáin a bheith déanta liom.

Ba é an nós imeachta a bheartaigh mé don chéad chéim den imscrúdú ná litir a sheoladh chuig Príomhfheidhmeannach Iarnróid Éireann ag lorg eolais ar leith, freagraí ar cheisteanna ar leith chomh maith le haon fhaisnéis, taifid nó rud den sórt sin a bhain le hábhar an imscrúdaithe.

D’iarr mé go gcuirfí an t-eolas cuí sin ar fáil faoin 5 Bealtaine 2010 agus thairg mé deis ar shoiléiriú ar aon ghné de riaradh an imscrúdaithe trí theagmháil le m’Oifig.

I litir dar dáta an 4 Bealtaine 2010, thug Iarnród Éireann freagra ar na gearáin ar leith. Tá an chumarsáid sin mar AGUISÍN B leis an tuarascáil seo.

Tá dualgas orm mar Choimisinéir Teanga in aon chás ina seolaim imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, faoi bhráid an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus i gcás ina ndéantar gearán liom, faoi bhráid an ghearánaigh, maidir le fionnachtana an imscrúdaithe. Féadaim aon mholadh is cuí ag féachaint don imscrúdú a áireamh sa tuarascáil sin. Tugadh aird chuí ar a raibh le rá ag Iarnród Éireann in ullmhú leagan críochnaitheach den tuarascáil seo.

Cuireadh an t-eolas, faisnéis agus eile ar fad a bhí iarrtha san imscrúdú ar fáil dom in am cuí agus is mór agam an comhoibriú sin ó Iarnród Éireann. Is trua liom, áfach, nach raibh ar a chumas é sin a dhéanamh le linn na ndeiseanna neamhfhoirmiúla a cuireadh ar fáil sular tionscnaíodh an t-imscrúdú seo, rud a d’fhág nach raibh de rogha agam ach dul i muinín imscrúdaithe.

## CAIBIDIL 2

### Cás Iarnróid Éireann

Sa fhreagra den 4 Bealtaine, atá mar AGUISÍN B leis an tuarascáil seo, rinne Iarnród Éireann neamhaird do na saincheisteanna ón imscrúdú i dtaca le sárú reachtúil a bheith i gceist in aon chás ar leith. Thug an comhlacht poiblí le fios gur aithníodh na dualgais faoi na hAchtanna éagsúla agus freagraíodh gach gearán ar leith mar seo a leanas:

*“(1) (a) agus (b)*

*Déanann CIE Group Property bainistíocht ar Pháirceáil Carr ag stáisiúin Iarnróid. Tá na comharthaí atá faoi réir ag an imscrúdúchán seo ann le fada. Tá iarrtha agam ar CIE na comharthaí a bhaint anuas agus má tá comharthaí eile le cur ina háit nár mhór dóibh a bheith dátheangach.*

*(2) (a) agus (b)*

*Go ginearálta, is i mBéarla a bhíonn comharthaíocht ag crosaire comhréidh. Tá athdhearadh na gcomharthaí seo ar feitheamh agus beidh comharthaíocht dátheangach san áireamh. Tá scóip an tionscadail athdheartha an-mhór ach tabharfaidh mé tús áite don chrosaire ag Curravorrin in Inis i gContae an Chláir nuair a sheachadfar an chomharthaíocht nua.*

*3 (a) agus (b)*

*Is córas atá ann cheanna é ár gCóras Faisnéise Custaiméara agus ritheann sé ar sheanteicneolaíocht. Beidh forbairt bogearra ag teastáil uaidh chun aschur dátheangach a dhéanamh. Tá costáil a dhéanamh againn faoi láthair ar an góoras sin. Beidh maoiniú suntasach ag teastáil chun an t-athrú sin chuig téacs dátheangach a dhéanamh.*

*4(a), 5(a), 6(a)-6(d)*

*Is comharthaíocht shealadach í seo a priontáladh go háitiúil le dul i ngleic le riachtanais seirbhíse custaiméara ghearrthéarmacha. Mheabhraigh mé don fhoireann áitiúil faoin riachtanas do chomharthaíocht dátheangach.*

*7(b) agus (d)*

*Baineann comharthaíocht carrchlóis le CIE agus le hoibreoir an Charrchlóis, NCPS. Is comharthaí sealadacha iad seo agus tá iarrtha agam ar CIE iad a bhaint anuas ar fad.*

*7 (a), (e) agus (f)*

*Comharthaí ata le baint anuas nó comharthaíocht dátheangach a chur ina n-áit.”*

## CAIBIDIL 3

### Osradharc Ginearálta ar an Imscrúdú

Is comhlacht poiblí é Iarnród Éireann chun críche Acht na dTeangacha Oifigiúla mar go bhfuil sé liostaithe chuige sin sa Chéad Sceideal den Acht. Dá réir sin, tá dualgas ar an gcomhlacht sin cloí le forálacha reachtúla an Achta. Anuas air sin, tá dualgais teanga ar leith leagtha ar Iarnród Éireann faoi reachtaíocht eile i.e. an tAcht Iompair 1950 agus an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1961 (mar atá sonraithe i bhfo-alt 6.1.2 den Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht). Is léir gur bhain an cás áirithe seo leis an reachtaíocht sin uile.

Feictear dom ón gcás atá curtha i láthair an imscrúdaithe ag Iarnród Éireann gur dócha gur de bharr athruithe thar na mblianta agus míthuiscintí ar an reachtaíocht gur tháinig na fadhbanna seo le comharthaíocht chun cinn.

Tá sé tugtha le fios i míreanna 1 agus 2 den fhreagra ó Iarnród Éireann go bhfuil ‘*na comharthaí atá faoi réir ag an imscrúdú seo ann le fada*’ agus ‘*Go ginearálta, is i mBéarla a bhíonn comharthaíocht ag crosaire comhréidh*’. Ní fheictear don imscrúdú gur féidir glacadh le ceachtar den dá argóint seo mar leithscéal nach féidir an scéal a chur ina cheart.

Tá tagairt déanta d’athdhearadh na gcomharthaí ag an gcrosaire comhréidh atá faoi chaibidil san imscrúdú seo. Ní fheictear don Oifig seo go mbeadh athdhearadh den chineál seo cuí mar go bhfuil dearadh na gcomharthaí seo leagtha amach go soiléir agus go reachtúil sa Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht, a eisíodh faoi na hOrdúcháin faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 agus nach féidir athdhearadh a dhéanamh orthu gan leasú ar na hordúcháin sin.

Ar chomhlachtaí poiblí féin amháin atá an dualgas a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas agus cothrom le dáta faoina ndualgais reachtúla faoin dlí agus go bhfuil an dlí sin á chur i bhfeidhm acu mar is cuí.

D’fhéadfaí freisin an t-imscrúdú seo a sheachaint ar fad agus déileáil leis an ábhar ar bhonn neamhfhoirmiúil dá gcuirfí i scríbhinn ón dtús an seasamh a bhí ag an gcomhlacht poiblí.

## **CAIBIDIL 4**

### **Tuarascáil, Fionnachtana agus Moltaí**

Tá dualgas ar an gCoimisinéir Teanga in aon chás ina seolfaidh sé imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, faoi bhráid an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, agus i gcás ina ndéantar gearán leis an gCoimisinéir Teanga, faoi bhráid an ghearánaigh, maidir le fionnachtana an imscrúdaithe agus féadfaidh sé aon mholtaí is cuí leis ag féachaint don imscrúdú a áireamh sa tuarascáil.

### **Fionnachtain an Imscrúdaithe**

Is í seo a leanas fionnachtain an imscrúdaithe:

Gur sháraigh Iarnród Éireann na dualgais reachtúla teanga atá daingnithe faoi na hordúcháin atá déanta faoi fho-alt 95(16) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 (mar atá sonraithe i bhfo-alt 6.1.2 den Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta), faoi fho-alt 57(1) den Acht Iompair 1950 agus faoi na rialacháin atá déanta faoi fho-alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i gcás comharthaíocht éagsúil a cuireadh in airde in Inis i gCo. an Chláir.

### **Moltaí an Imscrúdaithe**

Is iad seo a leanas moltaí an imscrúdaithe:

- (1) Go gcuirfidh Iarnród Éireann meamram eolais inmheánach chuig na hoifigigh chuí in Iarnród Éireann atá freagrach as comharthaíocht sa chomhlacht, laistigh de 6 seachtain ó dháta na tuarascála seo, ag tabhairt le fios dóibh gur sáraíodh an reachtaíocht sa chás seo, ag leagan amach a ndualgais reachtúla agus ag meabhrú dóibh go bhfuil sé mar dhualgas orthu a chinntiú nach ligfear dá leithéid de shárú tarlú arís.
- (2) Go ndéanfar leasú a luaithe agus is féidir ach laistigh de thréimhse 3 mhí ar a dhéanaí ar an gcomharthaíocht míchruinn mar atá leagtha amach i míreanna 1, 4, 5, 6 agus 7 de fhreagra Iarnróid Éireann agus go gcuirfear dearbhú ar fáil don Oifig seo go bhfuil an obair sin curtha i gcrích.
- (3) Go ndéanfar leasú a luaithe agus is féidir ach laistigh de thréimhse 3 mhí ar a dhéanaí ar an gcomharthaíocht ag an crosaire comhréidh a bhfuil tagairt dó i mír 2 den fhreagra ó Iarnród Éireann le go mbeidh sé ag teacht leis an dearadh atá leagtha amach sa Lámhleabhar de Chomharthaí Tráchta, a bhfuil cóip den léaráid chuí curtha ar fáil d'Iarnród Éireann ag an Oifig seo.
- (4) Go ngabhtar ar aghaidh le forbairt bhogearraí atá ag teastáil don Chóras Faisnéise Custaiméara le go mbeidh ar a chumas aschur dátheangach a dhéanamh a luaithe agus is féidir, agus go gcoinneofar an Oifig seo ar an eolas faoin bhforbairt sin.



- (5) Go gcuirfear socruithe cúí i bhfeidhm laistigh d'Iarnród Éireann le cinntiú go ndéantar próiseáil tráthúil ar cheisteanna ón Oifig seo maidir le gearáin ón bpobal faoi sháruithe ar fhorálacha reachtúla teanga.

## CAIBIDIL 5

### Achomhairc chuig an Ard-Chúirt

Meabhraítear anseo go bhfuil sé de cheart ag páirtí in imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, nó ag aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara Teanga tar éis imscrúdaithe den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh. Is ceart a thabhairt faoi deara gur gá achomharc a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc. Féach freisin I.R. 14 de 2007.

Seo a leanas mar atá na forálacha sin d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003:

Fo-alt 28(1)

*Féadfaidh páirtí in imscrúdú faoin Acht seo nó aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdú den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh.*

Fo-alt 28(2)

*Déanfar achomharc faoi fho-alt (1) a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 sheachtain tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc.*

Fo-alt 28(3)(a)

*I gcás ina ndéanfaidh an Ard-Chúirt achomharc faoin alt seo ag duine, seachas ag ceann, a dhíbhe, féadfaidh an Chúirt sin, má mheasann sí gur ghabh tábhacht phoiblí eisceachtúil leis an bponc dlí lena mbaineann, a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais an duine i ndáil leis an achomharc, nó iad go léir, a íoc.*

Fo-alt 28(3)(b)

*Féadfaidh an Ard-Chúirt a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais duine, seachas ceann, i ndáil le tarchur faoin alt seo, nó iad go léir, a íoc.*

Fo-alt 28(4)

*Maidir le cinneadh ón Ard-Chúirt tar éis achomhairc faoi fho-alt (1), sonrúfar ann, i gcás inar cuí sin, an tréimhse ar laistigh di a thabharfar éifeacht don chinneadh.*

## **CAIBIDIL 6**

### **Tuairimí á Lorg**

Faoi fho-alt 26(4) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, iarraim mar Choimisinéir Teanga ar Iarnród Éireann aon tuairimí a bheadh aici maidir le fionnachtana agus moltaí atá ar áireamh sa tuarascáil seo a chur faoi mo bhráid laistigh de thréimhse 6 seachtaine tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí atá sa tuarascáil a bheith faighte ag Iarnród Éireann.

---

Seán Ó Cuirreáin  
An Coimisinéir Teanga

Dáta: \_\_\_\_\_

# **APPENDIX B**

08.01.2013

A Choilm, a chara,

Go raibh maith agat as do litir dar dáta an 17 Deireadh Fómhair 2012 maidir le hImscrúdú 144C. Gabhaim leithscéal leat faoin moill atá le mo fhreagra.

Maidir le comharthaíocht leictreonach, tuigtear dom go mbeadh costas an-ard ag baint le bogearraí a leasú chun eolas dátheangach a éascú faoi láthair. Mar is eol duit, b'fhéidir, tá Iarnród Éireann i lár géarchéim airgeadais faoi láthair agus ní féidir tabhairt faoi go leor tionscadal ar mian linn tosú orthu i láthair na huaire, an ceann seo san áireamh.

Iarradh orm tosaíocht a thabhairt don tionscadal seo nuair a bheidh maoiniú ar fáil agus coinneoidh mé ar an eolas tú nuair a gheobhaidh mé féin tuilleadh eolais.

Mise le meas,

  
Barry Kenny,  
Iarnród Éireann.



# **APPENDIX C**

A Choilm a chara,

Go raibh maith agat faoi do litir dar dáta an 7ú Feabhra, 2013.

Sula bpléifidh mé pointí ar leith, ba mhaith liom léiriú a thabhairt ar na dúshláin airgeadais a bhfuil Iarnród Éireann ag tabhairt aghaidh orthu.

Tháinig laghdú €39.3 milliún ar ioncam iomlán na cuideachta idir 2008 agus 2012 agus tháinig laghdú €55.5 milliún ar íocaíochtaí iomlána Oibleagáide Seirbhíse Poiblí na cuideachta.

Mar thoradh air sin b'éigean dúinn laghdú mór a dhéanamh ar chostais – níorbh leor an laghdú €79.4 milliún a rinneadh ar chostais sa tréimhse chéanna agus ní mór costais a laghdú tuilleadh.

Ag an am céanna, tá clár infheistíochta na cuideachta ciorruithe. Faoi láthair ní mór tús áite a thabhairt do thiomantais conartha agus tábhacht- sábháilteachta i dtaobh infheistíochta caipitil.

An costas measta le comharthaíocht leictreonaic a dhéanamh go hiomlán dá-theangach ná €1 milliún. Faraor, níl an maoiniú againn chun é seo a bhaint amach ag an tráth seo.

Táimid tiomanta, áfach, feabhas a chur ar an soláthar seirbhíse Gaeilge ar bhealach praiticiúil. Táimid ag tabhairt tús áite do roinnt tionscnamh ar chostas íseal laistigh de scóip Acht na dTeangacha Oifigiúla agus lasmuigh dó lena n-áirítear:


- An acmhainn a bheith ag an Ionad Eolais do Chustaiméirí diriú ar sheirbhís Ghaeilge a chur ar fáil do gach custaiméir ar an nguthán
- Comhlíonadh iomlán maidir le fógraí uathoibríocha ar thraenacha agus i stáisiúin
- Cur leis an láithreán gréasáin lena chinntiú go bhfuil formhór mór an láithreáin gréasáin go hiomlán dá-theangach
- Athbhreithniú ar fhoirmeacha custaiméirí agus ar fhreagraí uathoibríocha ríomhphoist lena chinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh go hiomlán leis an Acht
- Líofacht foirne i nGaeilge a fhorbairt agus Gaeilge a spreagadh ar an láthair oibre

Cé go bhfuilimid in ann na réimsí sin a fhorbairt beidh deacrachtaí againn seirbhís dhá-theangach a sholáthar i réimsí ina bhfuil caiteachas suntasach de dhíth.

I bhfianaise a bhfuil ráite thuas, iarraim go dtabharfaí cead d'Iarnród Éireann ag an tráth seo maolú ar a cuid dualgas maidir le forálacha ar leith d'Acht na dTeangacha Oifigiúla a bhaineann le ceanglais chomharthaíochta. Bheinn buíoch díot ach comhairle a chur orm más ceart dom an t-iarraitas seo a chur chuig duine éigin eile.

Dearbhaim go leanfaimid ag tacú le hAcht na dTeangacha Oifigiúla agus go bhfuil dea-thoil ann ina leith agus tá aiféala orm go bhfuil an staid airgeadais ina bhfuilimid ag dul i bhfeidhm ar a gcumas an Acht a chomhlíonadh go hiomlán.

Mise le meas,

  
Barry Kenny,  
Bainisteoir, Cumarsáid Chorpóraide

